# Tuarascáil Riosca Oifige – Bealtaine 2025

## Léarscáil Teas Riosca

Léiríonn an léarscáil

- líon na rioscaí corparáideacha de réir rátáil riosca iarmharaigh, agus an ghluaiseacht i gcomparáid leis an ráithe roimhe sin,
- cur síos ar na rioscaí arda agus meánacha uile, rangaithe de réir rátála.

| Tionchar Riosca | | 1 Caolseans | 2 Ní dócha | 3 Níos dóichí ná a mhalairt | 4 Is dócha | 5 Á tarlú cheana féin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tubaisteach | 5 | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste an- suntasach | 4 | 1 (-) | 1 (-) | 1 (-) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste measartha | 3 | 1 (-) | 2 (-) | 1 (-) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste Íseal/gur féidir smacht a choinneáil air | 2 | 4 (-) | 1 (-) | 0 (-) | 1 (+1) | 0 (-) |
| Neamhthábhachtach | 1 | 1 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) |

Risk Likelihood

Nóta: Léiríonn na figiúirí sna lúibíní gluaiseacht ar líon na rioscaí taobh istigh de scór riosca sa tréimhse sin

| Rank | Risk |
|---|---|
| 1 | Sáruithe cibearshlándála agus/nó sáruithe sonraí |
| 2 | Nochtaí a dhéantar don/faoin Oifig nach bhfreagraítear mar is ceart |
| 3 | Cumas foirne |
| 4 | Folúntais nach bhfuil líonta |

Ní mheasann an CBP go bhfuil aon rioscaí iarmharacha a bhfuil ráta ard ag baint leo ann ag an am seo. Rinne an CBP athbhreithniú ar dhul chun cinn i mbainistíocht rioscaí mar atá leagtha amach sna gníomhartha láimhseála riosca agus rinne siad machnamh ar rioscaí tuairiscithe agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is í conclúid fhoriomlán an Choiste i mí na Bealtaine 2025 gurb é an riosca iarmharach is mó atá os comhair na hOifige ná nach gcomhlíonann an Oifig na ceanglais dlí uile, na hoibleagáidí rialachais agus na hoibleagáidí corparáideacha eile mar gheall ar shárú cibearshlándála agus/nó sárú sonraí. Baineann na trí riosca is suntasaí eile le gan freagairt go cuí do nochtuithe a dhéantar don Oifig/faoin Oifig, acmhainn foirne agus nach mbeidh dóthain foirne ag an Oifig mar gheall ar fholúntais neamhlíonta.